2024/2354

10.10.2024

RÚN (AE) 2024/2354 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 11 Aibreán 2024

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022: feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinntí uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2021 (COM(2023)0384),

— ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le Gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2022, mar aon leis na freagraí ó na gníomhaireachtaí ([1]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([2]), agus go háirithe Airteagail 68 agus 70 de,

— ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus go háirithe Airteagal 105 de,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do thuairimí an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0118/2024),

A. de bhrí go bhfuil barúlacha trasghearrthacha sa rún sin, do gach comhlacht de réir bhrí Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, a ghabhann leis na cinntí maidir le hurscaoileadh i gcomhréir le hAirteagal 262 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus Airteagal 3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte;

B. de bhrí go bhfuil barúlacha trasghearrthacha sa rún sin freisin, le haghaidh Ghníomhaireacht Soláthair Euratom, a ghabhann leis an gcinneadh maidir le hurscaoileadh i gcomhréir le hAirteagal 262 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus Airteagal 3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte;

C. de bhrí gur cheart do ghníomhaireachtaí an Aontais díriú ar mhisin a bhfuil breisluach Eorpach soiléir acu agus gur cheart eagrú na misean sin a bharrfheabhsú chun forluí a sheachaint ar mhaithe le leas cháiníocóir an Aontais;

D. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, go bhfuil sé mar aidhm ag an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a fheabhsú; de bhrí go mbaineann sé sin le trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, chomh maith le buiséadú feidhmíochtbhunaithe a chur chun feidhme agus dea-rialachas acmhainní daonna a áirithiú;

([1]) IO C, C/2023/594, 27.10.2023.
([2]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([3]) IO L 122, 10.5.2019, lch. 1.

1. ag tabhairt dá haire, maidir leis na 33 gníomhaireacht dhíláraithe de chuid an Aontais, gurbh ionann an t-iomlán carnach do bhuiséad 2022 agus thart ar EUR 3 471 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais, arb ionann é agus méadú 8,2 % i gcomparáid le 2021, agus EUR 3 035 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, laghdú 1,78 % i gcomparáid le 2021; ag tabhairt dá haire thairis sin gur maoiníodh thart ar EUR 2 781 milliún as EUR 3 035 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ó bhuiséad ginearálta an Aontais, arb ionann é agus 74,85 % de mhaoiniú iomlán na ngníomhaireachtaí in 2022 (i gcomparáid le 77,27 % in 2021); ag aithint thairis sin gur maoiníodh thart ar EUR 935 milliún le táillí agus muirir agus le ranníocaíochtaí díreacha ó thíortha rannpháirteacha (méadú 28,23 % i gcomparáid le 2021);

2. ag tabhairt dá haire go raibh buiséad iomlán deiridh ghníomhaireachtaí díláraithe uile an Aontais do 2022 (tar éis buiséid leasaitheacha) cothrom le 16 % níos airde ná an buiséad do 2021, agus gur shroich an ráta boilscithe san Aontas suas le 11,5 % i mí Dheireadh Fómhair 2022; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, go raibh an méadú ar bhuiséad roinnt gníomhaireachtaí ó 2021 go 2022 suntasach, arb ionann é agus níos mó ná + 60 % (i gcás ENISA, eu-LISA, EFCA), thart ar 30 % nó níos mó (i gcás ELA, EEA, Frontex) agus níos mó ná + 20 % (i gcás EUSPA, EUAA);

3. á thabhairt dá haire conclúid Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ('an Chúirt') ina tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2022 ('tuarascáil na Cúirte') gur lú torthaí dearfacha a tháinig as iniúchadh na Cúirte ar chuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022 ná mar a bhí sa bhliain roimhe (2021), agus gurb iad na laigí i nósanna imeachta soláthair poiblí an phríomhfhoinse atá ann do na híocaíochtaí neamhrialta i gcónaí;

Príomhrioscaí arna sainaithint ag an gCúirt

4. á thabhairt dá haire ón tuarascáil ón gCúirt an riosca foriomlán d'iontaofacht chuntais na ngníomhaireachtaí, arna mbunú trí na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin a chur i bhfeidhm agus bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta, go bhfuil an riosca íseal tríd is tríd, mar a tharla in 2021;

5. ag tabhairt dá haire, de réir a tuarascála, go measann an Chúirt go bhfuil an riosca foriomlán do dhlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bonn le cuntais na ngníomhaireachtaí íseal i gcás fhormhór na ngníomhaireachtaí, agus ar mheánriosca do na gníomhaireachtaí atá féin-mhaoinithe i bpáirt i gcás ina bhfuil rialacháin shonracha infheidhme maidir le táillí agus ranníocaíochtaí ioncaim eile a bhailiú, mar a tharla in 2021;

6. ag tabhairt le fios go measann an Chúirt go bhfuil an riosca do dhlíthiúlacht agus do rialtacht na n-íocaíochtaí is bonn le cuntais na ngníomhaireachtaí ar mheánriosca ar an iomlán, ag athrú ó íseal go hard do theidil shonracha buiséid; ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go bhfuil an riosca do Theideal I (Caiteachas Foirne) íseal go ginearálta, do Theideal II (Caiteachas Riaracháin) a bheith ar mheánriosca, agus do Theideal III (Caiteachas Oibríochtúil) a bheith idir íseal agus ard, ag brath ar an ngníomhaireacht atá i gceist agus ar chineál a caiteachais oibriúcháin; á chur i bhfios go measann an Chúirt go bhfuil an riosca maidir le Teideal III cosúil leis an riosca do Theideal II, ach ós rud é go bhfuil méideanna i bhfad níos airde i gceist faoi Theideal III, meastar go bhfuil an tionchar níos airde;

7. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go measann an Chúirt, don chúigiú bliain as a chéile go bhfuil an riosca do bhainistíocht fhónta airgeadais ar mheánriosca, a bhaineann go príomha le nósanna imeachta soláthair phoiblí nár cinntíodh gur baineadh amach an luach ar airgead is fearr ab fhéidir; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nach mór cistí poiblí a úsáid go héifeachtach i gcónaí, agus leasanna cáiníocóirí á gcur san áireamh;

8. ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go bhfuil an riosca do bhainistiú buiséid íseal, agus go dtaispeánann iniúchadh na Cúirte gur tugadh anonn líon ard leithreasuithe a gealladh, ach go raibh údar maith leo de réir na Cúirte mar gheall ar nádúr ilbhliantúil na n-oibríochtaí nó ar chúiseanna nach raibh neart ag na gníomhaireachtaí orthu; á iarraidh ar na Gníomhaireachtaí a mbainistiú buiséid agus a bpleanáil airgeadais a neartú trí eochairtháscairí feidhmíochta airgeadais uaillmhianacha a leagan síos agus trí fhaireachán gníomhach a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus bhuiséadach i rith na bliana chun an tabhairt anonn a choinneáil i gcéatadán inghlactha;

9. á mheabhrú go ndearna an Chúirt nósanna imeachta uathoibrithe iniúchóireachta a thriail ar bhonn píolótach in 2020 i réimse an iniúchta ar chuntais roinnt gníomhaireachtaí feidhmiúcháin; ag tabhairt dá haire gur leathnaigh an Chúirt úsáid na nósanna imeachta sin in 2021 chuig na gníomhaireachtaí uile, ach – i gcás gníomhaireachtaí díláraithe – gur chuir an Chúirt deich nós imeachta i bhfeidhm a bhaineann le tuarastail amháin; ag aithint thiomantas na Cúirte maidir le húsáid teicneolaíocht iniúchóireachta digiteacha a leathnú chuig réimsí eile agus chuig na gníomhaireachtaí uile; á chur in iúl gur geal léi; sa chomhthéacs sin; an treoirthionscadal a sheol an Chúirt in 2022 chun gnéithe den iniúchadh ar sholáthar poiblí na ngníomhaireachtaí a dhigitiú; á iarraidh ar an gCúirt an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir le toradh an tionscadail phíolótaigh sin;

10. á chur in iúl gur geal léi gur dhearbhaigh an Chúirt go ndearna na gníomhaireachtaí, i bhformhór na gcásanna (67 as 121 bharúil nach raibh curtha i gcrích ag deireadh 2021) gníomhaíocht cheartaitheach chun aghaidh a thabhairt ar bharúlacha iniúchóireachta na mblianta roimhe sin; ag tabhairt dá haire, áfach, gur cúis bhuartha di méadú ar líon na mbarúlacha ó bhlianta roimhe sin a bhí fós oscailte ag deireadh na bliana, ó 48 in 2021 go 54 in 2022; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile lena mbaineann na gníomhaíochtaí ceartaitheacha cuí a shainaithint agus leanúint dá n-iarrachtaí obair leantach a dhéanamh ar bharúlacha na Cúirte atá ar siúl faoi láthair nó atá fós gan réiteach;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

11. á chur i bhfios go láidir agus é ina dhíol sásaimh di gur eisíodh, de réir thuarascáil na Cúirte, tuairim iniúchóireachta neamhcháilithe maidir le hiontaofacht chuntais na ngníomhaireachtaí uile; ag tabhairt dá haire freisin gur eisigh an Chúirt tuairim neamhcháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bonn leis na cuntais do na gníomhaireachtaí go léir; ag tabhairt faoi deara gur eisigh an Chúirt tuairim neamhcháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an na n-íocaíochtaí is bonn leis na cuntais do na gníomhaireachtaí go léir, seachas ceithre ghníomhaireacht: Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT), an Ghníomhaireacht um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus an Ghníomhaireacht chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA); ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur eisigh an Chúirt na tuairimí cáilithe mar gheall ar chaiteachas neamhchomhlíontach de EUR 1,3 milliún (i gcás CdT), EUR 4,26 milliún (i gcás CEPOL), EUR 0,6 milliún (i gcás ECDC) a thug ar an gCúirt méid iomlán caiteachais neamhchomhlíonta a mheas arb ionann é agus 2,8 % de na leithreasuithe iomlána faoi chomhair íocaíochtaí a bhí ar fáil in 2022 agus EUR 17,8 milliún (i gcás eu-LISA);

12. ag tabhairt dá haire, maidir le hiontaofacht na gcuntas, gur eisigh an Chúirt mír 'béim ar ábhar' don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA), an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), eu-LISA, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex); ag tabhairt dá haire go raibh baint ag an mír 'béim ar ábhar' do EMA leis an tsaincheist leanúnach maidir leis an gcomhaontú léasa dá sheanáitreabh i Londain a mhaireann go dtí 2039, gan aon fhoráil a dhéanamh maidir le luathfhoirceannadh agus dliteanais fhéideartha a mheastar a bheith cothrom le EUR 366 mhilliún an 31 Nollaig 2022, chomh maith le héiginnteachtaí a bhaineann le feidhmíocht airgeadais mháthairchuideachta deiridh fhothionónta an áitribh sin; á chur in iúl gur eol di go raibh malartú tuairimí ag Coiste Pharlaimint na hEorpa um Buiséid an 11 Eanáir 2024 leis an Údarás maidir le leasú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fho-léas EMA d'iar-áitreabh na Gníomhaireachta i Londain; ag tabhairt dá haire go raibh baint ag an mír 'béim ar ábhar' do ERA agus Eurojust le córas buiséadach, cuntasaíochta agus airgeadais (SUMMA) nua a chur chun feidhme mar threoirthionscadal don Choimisiún; ag tabhairt dá haire go raibh baint ag an mír 'béim ar ábhar' do EUAA le tionchar chogadh foghach neamhdhleathach gan chúis na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar ghníomhaíochtaí EUAA; ag tabhairt dá haire gur bhain an mhír 'béim ar ábhar' do eu-LISA le moilleanna ar chur chun feidhme an Chórais Dul Isteach/Imeachta agus leis an tionchar gaolmhar ar oibríochtaí eu-LISA; ag tabhairt dá haire go raibh baint ag an mír 'béim ar ábhar' do Frontex leis an bhfíoras nár bailíochtaíodh a chóras cuntasaíochta don dara bliain as a chéile, chomh maith le ríomh mícheart na ranníocaíochtaí ó thíortha i limistéar Schengen nach bhfuil san Aontas le EUR 3,2 milliún níos lú ná mar ba cheart a bheith íoctha acu le buiséad Frontex le haghaidh 2022; ag tabhairt dá haire go raibh baint ag an mír 'béim ar ábhar' do ESMA leis an éiginnteacht a bhain le toradh cás dlí agus, de réir thuarascáil na Cúirte, go bhfuil feidhm ag an mír sin go hiomlán freisin ar dhlíthiúlacht agus rialtacht íocaíochtaí ESMA;

13. á thabhairt dá haire tuairim athfhillteach na Cúirte maidir le ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe Schengen go bhfuil baol ann go gcuirfear na comhaontuithe ranníocaíochta sin chun feidhme go hearráideach le modhanna éagsúla sna comhaontuithe chun ranníocaíochtaí a ríomh; ag tabhairt dá haire; ón tuarascáil ón gCúirt; gur iarr sí ar EUAA agus ar Frontex oibriú leis an gCoimisiún chun soiléiriú a dhéanamh ar an mbunús dlí chun ranníocaíochtaí SAC le buiséid na ngníomhaireachtaí sin a ríomh, más gá trí chomhaontuithe a athchaibidliú le SAC, ionas go léireofar i gceart lena ranníocaíochtaí méid gheilleagair SAC i gcomparáid le méid gheilleagar an Aontais; á iarraidh, sa chomhthéacs sin, ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin sa chaibidlíocht atá le teacht le SAC maidir le comhaontuithe nua lena gcumhdófar rannpháirtíocht SAC in obair EUAA agus Frontex, d'fhonn níos mó soiléireachta a áirithiú iontu;

14. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, barúil na Cúirte maidir le laigí a bhaineann le gnéithe éagsúla den bhainistiú buiséadach amhail leibhéil iomarcacha leithreasuithe a thabhairt anonn, rátaí arda íocaíochtaí déanacha agus saincheisteanna a bhaineann le táillí/ioncam i gcás 16 ghníomhaireacht; á thabhairt dá haire go háirithe; barúil na Cúirte maidir le tabhairt anonn struchtúrtha agus athfhillteach i gcás cúig ghníomhaireacht (ACER, EFCA, ELA, eu-LISA agus FRA); á iarraidh an athuair go n-urramófaí prionsabal buiséadach na bliantúlachta; ag teacht leis an moladh ón gCúirt gur cheart do na gníomhaireachtaí lena mbaineann tuilleadh feabhais a chur ar a bpleanáil buiséid agus ar a dtimthriallta cur chun feidhme chun moilleanna iomarcacha i gcur chun feidhme clár oibre nó pleananna soláthair a sheachaint; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí a seoladh agus na bearta a cuireadh chun feidhme ag roinnt gníomhaireachtaí in 2022 (e.g. ACER, eu-LISA agus FRA) arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar a dtimthriallta pleanála buiséid agus cur chun feidhme buiséid;

15. á mheabhrú, mar sin féin, go bhfuil leibhéal na tabhartha anonn airde i gcásanna áirithe mar thoradh freisin ar thosca nach bhfuil smacht ag na Gníomhaireachtaí orthu, amhail méadú ar nádúr a ngníomhaíochtaí ar thréimhsí ilbhliantúla, nó an gá atá le dul ar ais chuig conraitheoirí seachtracha thar thréimhsí a leanann níos faide ar aghaidh ná an bhliain airgeadais, mar gheall ar ghanntanas foirne;

16. ag tabhairt dá haire ón tuarascáil ón gCúirt gur chuir roinnt gníomhaireachtaí (e.g. ECDC agus Europol) in 2022 san áireamh ina n-íocaíochtaí leis na tairbhithe deontais an cháin bhreisluacha (CBL) a bhaineann leis na costais a éilíodh, rud a sháraigh Airteagal 186(4) den Rialachán Airgeadais, toisc, dar leis an gCúirt, gur údaráis phoiblí i ngníomhaíochtaí údaráis phoiblí iad na tairbhithe agus, dá bhrí sin, nach raibh siad i dteideal aisíocaíocht CBL a fháil; á thabhairt dá haire argóintí na ngníomhaireachtaí lena mbaineann maidir leis an bhfáth nach ionann iad agus seasamh na Cúirte maidir leis an tsaincheist sin; ag teacht leis an moladh ón gCúirt do na gníomhaireachtaí deontais a bhainistiú trína áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha is infheidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le CBL a íoc ar ais le tairbhithe ar údaráis phoiblí iad; á iarraidh ar Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (EUAN) comhthuiscint a bhunú maidir le haisíocaíocht CBL de réir an rialacháin airgeadais;

17. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé idirphlé gníomhach a bhunú agus a chothabháil idir an Coimisiún agus na gníomhaireachtaí maidir le leithdháileadh na n-acmhainní iomchuí agus maidir le ceapadh na bpleananna bunaíochta faoi seach, go háirithe maidir leis an ngrád ag a leithdháiltear poist;

Feidhmíocht

18. ag tabhairt dá haire go n-úsáideann gach gníomhaireacht córais éagsúla príomhtháscairí feidhmíochta (KPInna), aschuir bheartaithe nó spriocanna straitéiseacha a leagtar síos mar chuid dá dtomhas feidhmíochta; á chur i bhfáth go bhféadfadh EUAN cabhrú le gníomhaireachtaí córas coiteann KPInna a úsáid; ag tabhairt dá haire, i gcás 15 ghníomhaireacht, gur sháraigh ráta cur chun feidhme a gClár Oibre Bliantúil (AWP) 95 %, agus i gcás 14 ghníomhaireacht go raibh an ráta sin faoi bhun 95 % in 2022; á iarraidh an athuair ar na gníomhaireachtaí uile tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir le ráta cur chun feidhme a AWP mar fhigiúr comhdhlúite arna shloinneadh mar chéatadán; á chur in iúl gur mór aici go ndearna na Gníomhaireachtaí na KPInna a chomhlíonadh agus gur tharraing siad aird ar bhearta lenar féidir éifeachtúlacht agus éifeachtacht a gcuid oibre a fheabhsú; á iarraidh ar na Gníomhaireachtaí áfach, go dtabharfaidh siad aird ar na táscairí nár baineadh amach go fóill nó atá tite ar gcúl; ag spreagadh na ngníomhaireachtaí saoráidí EUAN a úsáid chun feabhas a chur ar bhaint amach na dtáscairí sin;

19. á thabhairt dá haire an méid a bhain na gníomhaireachtaí uile amach agus an rath a bhí orthu in 2022, arbh é an chéad bhliain é den chogadh foghach gan chúis gan údar a rinne an Rúis ar an Úcráin; ag moladh sa chomhthéacs sin na gníomhaíochtaí gasta a rinne na gníomhaireachtaí, i réimsí éagsúla amhail ceartas agus gnóthaí baile (e.g. EUAA, Frontex, Europol, FRA), maoirseacht ar chórais airgeadais (e.g. ESMA), slándáil agus cosaint (e.g. EASA), agus fostaíocht, gnóthaí sóisialta agus cuimsiú (e.g. Eurofound), in ainneoin na ndúshlán a bhaineann ní hamháin leis an gcogadh neamhdhleathach san Úcráin, ach leis na rátaí boilscithe is airde riamh ar fud an Aontais agus leis an ngéarchéim fuinnimh freisin;

20. á chur i bhfáth go bhfuil ról luachmhar ag gníomhaireachtaí an Aontais i gcabhair a thabhairt d'institiúidí an Aontais beartais an Aontais a dhearadh agus a chur chun feidhme, agus i gcúraimí sonracha teicniúla, eolaíocha, oibriúcháin agus bainistíochta a dhéanamh, chomh maith le taighde fianaisebhunaithe; á athdhearbhú, i ndáil leis sin, gur gá foireann a sholáthar do na gníomhaireachtaí ar leibhéal atá i gcomhréir leis na cúraimí atá sannta dóibh, ar a mbeidh líon foirne leordhóthanach atá fostaithe ar bhealach cobhsaí agus acmhainní ábhartha leordhóthanacha acu; ag athdhearbhú, dá bhrí sin, gur gá a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais ann ionas gur féidir leo leanúint dá gcláir oibre a chur chun feidhme le ráta críochnaithe gníomhaíochta an-ard;

21. á thabhairt chun suntais an ról tábhachtach atá ag gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) an Aontais toisc go bhfuil siad fíor-riachtanach chun beartais an Aontais a chur chun feidhme agus don tacaíocht thábhachtach a airithíonn siad d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais agus do na Ballstáit in earnálacha na gceart bunúsach, na slándála agus an cheartais trí chúraimí oibríochtúla, anailíse, bainistíochta agus faireacháin a dhéanamh; á athdhearbhú, dá bhrí sin, an gá atá le hacmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a chinntiú do ghníomhaireachtaí CGB;

22. á chur in iúl gur mór aici an obair ardcháilíochta a dhéanann na gníomhaireachtaí atá ag obair i réimse na fostaíochta, na ngnóthaí sóisialta agus an chuimsithe (Cedefop, Eurofound, EU-OSHA, ETF agus an tÚdarás Eorpach Saothair); ag meabhrú shainorduithe sonracha na ngníomhaireachtaí sin agus chomhdhéanamh sonrach a gcomhlachtaí bainistíochta bunaithe ar an bprionsabal tripháirteach agus, dá bhrí sin, lena n-áirítear ionadaithe na n-údarás náisiúnta agus comhpháirtithe sóisialta; á aithint go n-áirithíonn na comhlachtaí bainistíochta trína chomhaltaí an t-ailíniú is gá idir obair na ngníomhaireachtaí agus riachtanais agus tosaíochtaí na bpáirtithe leasmhara; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur tugadh isteach cruinnithe hibrideacha agus go n-úsáidtear nósanna imeachta i scríbhinn a rannchuidíonn leis an gcostas a bhaineann le cruinnithe ar an láthair a laghdú;

23. á chur i bhfáth gurb iad na gníomhaireachtaí is mó atá cáilithe chun measúnú a dhéanamh ar úsáid acmhainní chun a gcláir oibre bhliantúla a chur chun feidhme agus a sainorduithe a chomhlíonadh go héifeachtach; á chur i bhfáth gur gá do ghníomhaireachtaí comhoibriú lena chéile chun acmhainní a leithdháileadh i gceart; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag na gníomhaireachtaí maidir le tacú leis na tionscadail chearta i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta nó le Comhshocrú Nua an Aontais maidir le hImirce agus Tearmann, mar shampla;

24. á chur in iúl gur geal léi an comhar agus comhordú na hoibre idir gníomhaireachtaí a bhíonn ag déileáil sa réimse céanna, amhail na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna), gníomhaireachtaí CGB, na gníomhaireachtaí i réimse na fostaíochta, na ngnóthaí sóisialta agus an chuimsithe, chomh maith le comhar trasearnálach idir gníomhaireachtaí ó réimsí éagsúla beartais;

25. ag tabhairt dá haire, ó thuarascáil na Cúirte, agus é ina ábhar imní di, nochtuithe dhá ghníomhaireacht (EUAA agus EUSPA) ina dtugtar tuairisc ar an tionchar a bhí ag an bhfogha gan chúis agus éagórach i gcoinne na hÚcráine ar a gcuid gníomhaíochtaí; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, go bhfuil éileamh méadaithe ar chúnamh ó na Ballstáit a ghlacann le dídeanaithe ón Úcráin agus an cur isteach ar úsáid lainseálaithe Rúiseacha Soyuz do shatailítí Galileo;

Éifeachtúlacht agus gnóthachain

26. ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí leanúint de shineirgí a fhorbairt (i réimsí amhail acmhainní daonna, soláthar, digitiú, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus cibearshlándáil), chomh maith le comhar agus malartú dea-chleachtas le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú, go háirithe i bhfianaise thionchar an chogaidh san Úcráin agus brúnna boilscitheacha; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile córas agus critéir a chur i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar bhealaí oibiachtúla agus gráinneacha agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir le héabhlóid, ó bhliain go bliain, na ngnóthachan agus/nó na gcoigilteas arna gclárú ag na gníomhaireachtaí ó thaobh ama, foirne, fuinnimh a úsáidtear, etc.; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile comhordú a dhéanamh, lena n-áirítear le Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (EUAN), chun uirlis choiteann a shainaithint agus a úsáid lena bhféadfar na gnóthachain/coigiltis sin a thuairisciú ar bhealach inchomparáide;

27. á áitiú go bhfuil ról tábhachtach ag EUAN maidir le sineirgí a fhorbairt, lena n-áirítear trí chabhrú leis na gníomhaireachtaí an leas is fearr is féidir a bhaint as a mbuiséid trí nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh, comhpháirtíochtaí, athmheasúnú tosaíochtaí, laghduithe costais, *inter alia*, a chomhordú; ag aithint sa chomhthéacs sin na hoibre atá déanta ag na 10 bhfolíonra théamacha de chuid EUAN; á mheabhrú thairis sin go ndéantar, trí thionscnaimh chomhpháirteacha, dearcthaí éagsúla a thabhairt le chéile, dúbailt iarrachtaí a laghdú, an fhoghlaim a fheabhsú agus an caidreamh idir na rannpháirtithe a neartú; ag spreagadh EUAN a ról comhordúcháin a neartú agus uirlisí níos coitianta a mholadh a d'fhéadfadh cabhrú leis na gníomhaireachtaí;

28. á chur in iúl gur geal léi iniúchadh cothrománach na Cúirte lena gcuirtear anailís ar fáil ar fhreagairtí na ngníomhaireachtaí ar na géarchéimeanna aeráide agus fuinnimh agus ar an gcaoi a ndearna siad tuairisciú ar a bhfeidhmíocht aeráide agus fuinnimh; ag tabhairt dá haire ón tuarascáil ón gCúirt agus ó na gníomhaireachtaí freagraí ar cheisteanna i scríbhinn ón bParlaimint go raibh, ag deireadh 2022, 10 ngníomhaireacht (6 in 2021) deimhnithe ag EMAS (Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil) agus nár deimhníodh faoi EMAS 22 ghníomhaireacht (a raibh an próiseas le haghaidh dheimhniú EMAS ar siúl i gcás 15 ghníomhaireacht díobh); á iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile lena mbaineann dlús a chur leis an bpróiseas chun deimhniú EMAS a fháil;

29. ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, go bhfuil bearta curtha i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile ar leibhéil éagsúla chun a dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus chun rannchuidiú dearfach a dhéanamh leis an bhforbairt inbhuanaithe; ag moladh na ngníomhaireachtaí (e.g. ACER) a bhfuil plean gníomhaíochta um ghlasú glactha (agus curtha chun feidhme) go foirmiúil acu; ag athdhearbhú a molta go nglacfadh na gníomhaireachtaí uile pleananna gníomhaíochta ilbhliantúla lena n-áirítear gealltanais maidir le laghduithe ar CO_2 ar féidir iad a bhaint amach, *inter alia*, trí úsáid a bhaint as foirgnimh agus spásanna oibre inbhuanaithe, tomhaltas fuinnimh a bharrfheabhsú, modhanna taistil ísealcharbóin a chur chun cinn, modhanna oibre hibrideacha a úsáid, tús áite a thabhairt do cheannach táirgí agus seirbhísí inbhuanaithe; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí go léir breithniú a dhéanamh ar ghnéithe comhshaoil agus spás oifige nua á lorg acu; ag athdhearbhú an róil a d'fhéadfadh a bheith ag EUAN sa chomhthéacs sin chun cabhrú leis na gníomhaireachtaí trí phlean gníomhaíochta ilbhliantúil a bhí ann a bhunú;

30. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil pleananna corparáideacha curtha chun feidhme ag 19 as 33 Ghníomhaireacht dhíláraithe chun éifeachtúlacht fuinnimh agus neodracht aeráide a fheabhsú; á chur in iúl gur oth léi, áfach, ón tuarascáil ón gCúirt, nach ndearna 14 as 33 Ghníomhaireacht dhíláraithe aon phleananna corparáideacha a chur chun feidhme go fóill chun éifeachtúlacht fuinnimh agus aeráidneodracht a gcuid oibríochtaí a fheabhsú; ag tabhairt dá haire nár fhoilsigh aon ghníomhaireacht tuarascáil inbhuanaitheachta in 2022, agus go bhfuil sé beartaithe ag Cedefop, EIT agus Eurofound é sin a dhéanamh faoi 2024; ag athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, an mholta ón gCúirt agus ag tathant ar gach gníomhaireacht feabhas a chur ar a n-aeráidneodracht agus ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh trí phleananna corparáideacha cothrom le dáta lena ndéantar foráil do bhonnlínte agus spriocanna cainníochtaithe atá sainithe go soiléir chun lorg carbóin agus ídiú fuinnimh a laghdú, chomh maith le tuairisciú ar a bhfeidhmíocht aeráide, fuinnimh agus chomhshaoil trí thuarascálacha inbhuanaitheachta nó ráitis chomhshaoil a fhoilsiú;

31. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé leibhéal digitithe na ngníomhaireachtaí a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de, chomh maith le nósanna imeachta, chun aistriú chuig ríomhphróisis; ag tabhairt dá haire go bhfuil tionchar ag an bhforbairt dhearfach sin ar chost-éifeachtúlacht; á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh dul chun cinn breise in 2022 maidir le digitiú agus barrfheabhsú a sreafaí oibre agus a nósanna imeachta, go háirithe i réimsí acmhainní daonna agus nósanna imeachta soláthair; ag moladh do na gníomhaireachtaí uile na bogearraí Ardshínithe agus Ríomhshínithe Cáilithe a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun formheasanna agus sínithe a fháil ó chontrapháirtithe inmheánacha agus seachtracha araon i ndoiciméid soláthair agus chonarthacha; á iarraidh ar EUAN tacú le gach tionscnamh chun dlús a chur le próiseas sin na digiteála agus leanúint de thuairisciú a dhéanamh don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcúrsaí digitithe;

32. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbainfear úsáid níos fearr as saineolas na nGníomhaireachtaí i réimsí beartais ábhartha maidir le tuarascálacha agus staidéir a fhorbairt, taighde agus suirbhéanna a dhéanamh, lenar féidir acmhainní buiséadacha an Aontais a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla i gcomparáid le réitigh mhalartacha; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, acmhainneacht neamhúsáidte na ngníomhaireachtaí atá ag obair i réimse na fostaíochta, na ngnóthaí sóisialta agus an chuimsithe chun foráil a dhéanamh maidir le faisnéis shonrach ábhartha agus maidir leis na táirgí cáilíochta céanna le sainchomhairleoirí seachtracha, nuair a cheadaíonn a sainorduithe é;

Beartas foirne

33. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh na 33 ghníomhaireacht dhíláraithe in 2022 go raibh 10 146 bhall foirne san iomlán fostaithe acu, ina bhfuil oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí ar conradh agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht (i gcomparáid le 9 631 in 2021), arb ionann é agus méadú 5,34 % i gcomparáid le 2020; ag tabhairt dá haire ó thuarascáil na Cúirte gur féidir an chuid is mó den mhéadú seo sa líon daoine bhí fostaithe ó 2021 a lua leis na nithe seo a leanas: go raibh gníomhaireachtaí a cuireadh ar bun le déanaí (e.g. ELA) ag leanúint de bheith ag neartú; agus gur tháinig fás ar ghníomhaireachtaí ar sannadh tascanna nua dóibh (EFCA, EUAA agus Frontex); ag moladh na ngníomhaireachtaí (EIGE agus EUSPA) a bhfuil ráta forghníomhaithe 100 % dá bplean bunaíochta bainte amach acu in 2022;

34. ag tabhairt dá haire, i gcás 5 ghníomhaireacht, go raibh cásanna tnáite (16 ar an iomlán) cláraithe agus gur ghlac cuid dá bhfostaithe ragobair i 19 ghníomhaireacht in 2022 (13 in 2021); á thabhairt chun suntais nach ndéantar gach cás tnáite a thaifeadadh go hoifigiúil; ag tabhairt dá haire go háirithe gur ghlac líon ard fostaithe ragobair in EFSA (81 % den fhoireann) agus in Eurofound (97 % den fhoireann);

35. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh an ráta láimhdeachais foirne níos mó ná 5 % in 15 as 33 ghníomhaireacht in 2022, de bhrí gur sháraigh ceithre cinn díobh an ráta 10 %; ag moladh na ngníomhaireachtaí (e.g. EBA) as na bearta spriocdhírithe a ghlac siad chun rátaí arda láimhdeachais foirne a chosc; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé do na gníomhaireachtaí uile bearta a chur chun feidhme d'fhonn bainistiú agus coinneáil tallainne a fheabhsú; ag brath ar EUAN a bheith ina fhóram chuid ballghníomhaireachtaí maidir le dea-chleachtais a mhalartú agus, i gcás inar féidir, dul i gcomhar le chéile maidir leis an ábhar sin;

36. ag tabhairt dá haire go leanann cothromaíocht gheografach fhoireann ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais daonra na mBallstát mar chéatadán de AE27 níos dlúithe ná cothromaíocht gheografach fhoireann an Choimisiúin; á chur in iúl gur oth léi tearcionadaíocht do sheacht Bhallstát, róionadaíocht do sheacht mBallstát déag agus gar-chothromaíocht do thrí Bhallstát; á mheabhrú gur gá do na Gníomhaireachtaí bearta nithiúla a dhéanamh chun cothromaíocht gheografach a fheabhsú; ag tabhairt dá haire ón staidéar maidir le 'Gníomhairí ar conradh a úsáid i ngníomhaireachtaí díláraithe' a foilsíodh an 15 Bealtaine 2023 (dá ngairtear an 'Staidéar' anseo feasta) gur féidir le tarraingteacht airgeadais phoist CA i réigiúin éagsúla difear a dhéanamh d'éagsúlacht gheografach na n-iarratasóirí;

37. á thabhairt chun suntais gur dúshlán fós é cothromaíocht gheografach do roinnt gníomhaireachtaí ar náisiúnaigh den Bhallstát ina bhfuil na gníomhaireachtaí lonnaithe céatadáin shuntasacha dá bhfoireann, e.g. BEREC (58 % ón Laitvia), Cedefop (47 % ón nGréig), EFSA (49 % ón Iodáil), EU-OSHA (46 % ón Spáinn); á aithint go bhfuil na gníomhaireachtaí ag úsáid nós imeachta roghnúcháin fiúntasbhunaithe, trína mbeadh na gníomhaireachtaí i bhfabhar iarrthóirí ó náisiúntachtaí faoi ghannionadaíocht i gcásanna ina mbeadh comhfhiúntas ann; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí na bearta is gá a dhéanamh chun ionadaíocht gheografach chothrom agus chóir a bheith ann;

38. ag aithint go bhfuil baint ag tallann a mhealladh agus fórsa oibre atá éagsúil ó thaobh na tíreolaíochta de a áirithiú le sainiúlachtaí aonair na ngníomhaireachtaí (e.g. suíomh, bonneagar, scolaíocht, réimse beartais), chomh maith le tosca teorannaithe seachtracha (e.g. iomaíocht leis an earnáil phríobháideach, éiginnteacht fostaíochta mar gheall ar chonarthaí gearrthéarmacha, comhéifeachtaí ceartúcháin ísle); á thabhairt dá haire le buíochas ó thuarascáil leantach EUAN ar an urscaoileadh do 2021, na gníomhaíochtaí a rinne EUAN chun easpa tarraingteachta fhoireann na ngníomhaireachtaí a leigheas agus ionadaíochas fhoireann na ngníomhaireachtaí a fheabhsú ó thaobh aoise, inscne agus tionscnamh geografach de;

39. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, na barúlacha ó thuarascáil na Cúirte maidir leis na laigí a bhaineann le liúntais do SNInna, deontais do shealanna oiliúna agus nósanna imeachta earcaíochta, agus ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt 8 mbarúil a raibh baint ag 3 acu le híocaíochtaí neamhrialta; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí lena mbaineann a seiceálacha ex-ante a fheabhsú ionas go ndéanfar íocaíochtaí bunaithe ar fhianaise dhoiciméadach agus ar na rialacha atá i bhfeidhm;

40. ag tabhairt dá haire gur tháinig feabhas beag ar dháileadh inscne in 2022, i gcomparáid le 2021 ar leibhéal na hardbhainistíochta agus na meánbhainistíochta, le 66,59 % fir agus 33,41 % mná (68 % agus 32 %, faoi seach in 2021) agus laistigh de chomhaltaí an bhoird bainistíochta, le 60,33 % fir agus 39,67 % mná (62 % agus 38 %, faoi seach in 2021); ag tabhairt dá haire gur tháinig meath foriomlán ar an gcothromaíocht inscne a tuairiscíodh don fhoireann, arb ionann é agus 54,26 % fir agus 46,74 % mná (50,3 % agus 49,7 %, faoi seach in 2021); ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí oibriú chun feabhas breise a chur ar an gcothromaíocht inscne sa bhainistíocht shinsearach; ag iarraidh an athuair ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cothromaíocht inscne a urramú agus comhaltaí den bhainistíocht nó de na boird bhainistíochta á n-ainmniú agus á gceapadh; ag meabhrú uaillmhian na ngníomhaireachtaí ailíniú leis an gCoimisiún chun cothromaíocht inscne de 50 % a bhaint amach ar gach leibhéal dá bhainistíocht faoi dheireadh 2024;

41. ag tabhairt dá haire go bhfuil bearta curtha i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile chun feabhas a chur ar fholláine na foirne ag an obair agus ar an gcothromaíocht oibre is saoil; ag tabhairt dá haire go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir líon agus tionchar na mbeart sin ó ghníomhaireacht amháin go gníomhaireacht eile agus gur cosúil nach ann d'aon chreat coiteann tagartha ar fud na ngníomhaireachtaí; á iarraidh ar EUAN iarrachtaí a chomhordú chun creat comhchoiteann tagartha a fhorbairt i ndáil leis sin; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil bearta curtha i bhfeidhm ag formhór mór na ngníomhaireachtaí maidir le daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú, i gcás ina n-áirítear i measc na mbeart sin oiriúnuithe fisiciúla amhail foirgnimh a dhéanamh inrochtana do chathaoireacha rothaí agus rampaí a shuiteáil ag na príomhphointí rochtana, oiriúnuithe i stáisiúin oibre foirne, socruithe sonracha oibre d'fhostaithe faoi mhíchumas, agus trealamh sonrach a sholáthar bunaithe ar riachtanais aonair; á chur in iúl gur geal léi, ina theannta sin, bearta eile lena n-áirítear cleachtais chuimsitheacha a chomhtháthú i mbeartais acmhainní daonna, amhail iarratais ó iarrthóirí faoi mhíchumas a spreagadh, a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta earcaíochta neamh-idirdhealaitheach i gcás míchumais, oiliúint a chur ar fáil d'fhoireann acmhainní daonna agus do Bhoird Roghnúcháin maidir le saincheisteanna éagsúlachta agus cuimsithe, agus treoir a thabhairt maidir le claontacht neamh-chomhfhiosach a bhrath agus a chomhrac; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí a bhfuil buiséid níos mó acu a n-infheistíocht a léiriú i mbearta chun daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú agus chun folláine na foirne ag an obair agus cothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú, dá réir sin;

42. ag tabhairt dá haire go bhfuil 17 ngníomhaireacht tar éis glacadh cheana féin leis an gCairt um Éagsúlacht agus Cuimsiú (D&I) a d'fhormhuinigh an Mheitheal (WGDI) atá tiomnaithe do shaincheisteanna i réimse D&I; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí eile an Chairt sin a ghlacadh gan mhoill; á chur in iúl gur geal léi éabhlóid ghníomhach na Meithle (WGDI) atá dírithe ar shaincheisteanna i réimse na héagsúlachta agus an chuimsithe (D&I) a chruthaigh EUAN; á thabhairt dá haire, agus is mór aici, sa chomhthéacs sin, na gníomhaíochtaí agus na himeachtaí éagsúla a d'eagraigh EUAN in 2022, amhail: – cainteanna ar líne maidir le 'Ceannaireacht a Athshainiú – Mná i gceannas ar Ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh', maidir le 'Cultúr ceannaireachta alfa a shárú: conas is féidir le gach duine a bheith ina cheannaire rathúil', agus ar chomóradh Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas, faoin ainm 'Neart a aimsiú sa Leochaileacht'; – Gradaim EUAN D&I a thabharfaidh aitheantas do thionscnaimh riaracháin agus acmhainní daonna lena gcothaítear feasacht agus cur chun feidhme na gcleachtas forbartha agus nuálaíochta atá ar siúl faoi láthair laistigh de na gníomhaireachtaí; á iarraidh ar EUAN torthaí an tsuirbhé maidir le D&I i measc fhoireann na ngníomhaireachtaí a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh; á iarraidh ar EUAN leanúint de thuairisciú a dhéanamh don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn a rinneadh sna hábhair a bhaineann le D&I;

43. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé beartas fadtéarmach AD a fhorbairt maidir le cothromaíocht oibre is saoil, treoir ar feadh an tsaoil agus deiseanna oiliúna sonracha a thairiscint d'fhorbairt gairme, cothromaíocht inscne ar gach leibhéal foirne, teilea-obair, an ceart chun dícheangail, cothromaíocht gheografach a fheabhsú chun ionadaíocht iomchuí a bheith acu ó na Ballstáit uile, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas, chomh maith lena gcóir chomhionann agus a ndeiseanna a chur chun cinn;

44. ag tabhairt dá haire go bhfuil beartas agus bearta curtha i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile dá bhfoireann uile chun ciapadh a chosc agus a chomhrac, agus go bhfuil bearta sonracha (e.g. seisiúin oiliúna, feasachta nó cóitseála) i bhfeidhm ag roinnt de na gníomhaireachtaí don ardbhainistíocht agus don mheánbhainistíocht; ag tabhairt dá haire freisin gur thuairiscigh 8 ngníomhaireacht go raibh 23 chás ciaptha a bhí fós ar siúl nó dúnta acu in 2022; ag tabhairt faoi deara, i roinnt gníomhaireachtaí (e.g. ECDC, ENISA, EUAA), le haghaidh nósanna imeachta a bhaineann le foireann (e.g. cásanna ciaptha), go n-iarrtar tacaíocht ó ghnólachtaí dlí sheachtraigh atá speisialaithe i ndlí seirbhíse sibhialta an Aontais (Rialacháin Foirne an Aontais), fiú nuair atá a n-aonad seirbhísí dlí féin ag na gníomhaireachtaí; ag tabhairt dá haire ó thuarascáil leantach EUAN ar an urscaoileadh do 2021 nach raibh aon chás ciaptha os comhair gníomhaireachtaí i bhformhór na gcásanna nuair ba ghá dóibh tacaíocht a lorg ó ghnólachtaí nó ó abhcóidí faoin dlí seachtrach;

45. ag tabhairt dá haire gur sheas Cúirt Uachtarach na Liotuáine, ina cinneadh an 23 Feabhra 2022, le breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-948/19 inar measadh oibrithe gníomhaireachta sealadacha do ghníomhaireachtaí an Aontais mar chuid de raon feidhme chur i bhfeidhm Threoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]); á iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile go dtabharfar tosaíocht do bhaill foirne bhuana seachas do chomhairleoirí seachtracha, ar mhaithe le dálaí oibre ar ardchaighdeán a ráthú, agus chun nach gcaillfear eolas agus taithí;

46. á mheabhrú go bhfuil an deis ag gníomhaireachtaí díláraithe suas le 65 % dá líon iomlán foirne a bheith ina ngníomhairí ar conradh (CAnna), i gcomhréir le Rialacháin Foirne an Aontais, foráil arb é is aidhm di solúbthacht; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, ón malartú tuairimí a cuireadh in iúl le linn na héisteachta poiblí (ar a dtugtar 'Pearsanra agus acmhainní eile ag gníomhaireachtaí, Comhlachtaí agus Comhghnóthais AE', dá ngairtear an 'Éisteacht Phoiblí' anseo feasta) a tionóladh sa Pharlaimint an 27/06/2023, chomh maith leis an Staidéar, nach bhfágann nósanna imeachta aonfhoirmeacha an Choimisiúin chun líon na CAnna a shainiú aon tsolúbthacht chun CAnna a fhostú bunaithe ar mheasúnú ar ualach oibre i gcomhréir le sainordú na ngníomhaireachtaí agus go gcuireann siad teorainn lena gcumas oiriúnú do riachtanais atá ag teacht chun cinn ar bhealach solúbtha; ag tabhairt dá haire freisin ón Éisteacht Phoiblí go sáraíonn na costais a bhaineann le seirbhísí foirne eatramhacha, a úsáidtear chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghnó ghearrthéarmacha agus neamhláithreachtaí gearrthéarmacha, go mór na costais a bhaineann leis na CAnna atá ina ndúshlán i bhfianaise bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 11 Samhain 2021 (Cás C-948/19) toisc go gcuireann sé d'oibleagáid ar na gníomhaireachtaí prionsabal an phá chomhionainn as cúraimí comhionanna a leanúint, gan beann ar a staid chonarthach; ag athdhearbhú a hiarrata ar na gníomhaireachtaí brath a mhéid is féidir ar bhaill foirne bhuana chun dálaí oibre ardcháilíochta a ráthú, agus chun cosc a chur ar chailliúint eolais agus taithí agus ar an gCoimisiún chun leithdháiltí iomchuí acmhainní daonna a áirithiú;

47. ag tabhairt dá haire ón Staidéar, maidir le comhdhéanamh an lucht saothair, go bhfuil méadú tagtha ar líon na n-údarás inniúil le deich mbliana anuas ar fud na ngníomhaireachtaí díláraithe, i ndearbhthéarmaí agus mar sciar coibhneasta den lucht saothair iomlán araon: ó 17 % in 2012 go 21 % in 2021, cé gur tháinig an méadú is mó le himeacht ama ar líon fhoireann CAnna i gcatagóir IV (le sciar suas le 46 % ar fud na ngrúpaí feidhme uile in 2019), rud a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhféadfadh sé go mbeadh CAnna fostaithe ag gníomhaireachtaí chun príomhchúraimí a dhéanamh laistigh de shainordú na ngníomhaireachtaí; á chur in iúl go dtuigeann sí, trí CAnna a fhostú ar cuid lárnach den lucht saothair iad, go gcuidítear le gníomhaireachtaí aghaidh a thabhairt ar ídiú na roghanna maidir le gnóthachain éifeachtúlachta agus, ag an am céanna, freastal ar raon feidhme méadaithe na bhfreagrachtaí le níos lú post; á chur i bhfios, áfach, go bhfuil impleachtaí tábhachtacha ag neamhréireachtaí i gcineálacha conarthaí le haghaidh cúraimí comhchosúla ar thaithí oibre fhoriomlán na CAnna agus ar a n-inspreagadh agus go bhféadfadh uainíocht níos airde na CAnna atá ag obair laistigh de róil níos speisialaithe dúshláin a chruthú maidir le heolas eagraíochtúil a choinneáil; ag tabhairt dá haire sa bhreis air sin ón Staidéar go raibh na difríochtaí idir tuarastail CA agus tuarastail áitiúla ar fud na mBallstát, agus i gcás gníomhaireachtaí áirithe (EEA, Eurofound, Europol), go raibh tuarastail CA na ngrúpaí feidhme uile níos ísle ná na meántuarastail sna Ballstáit (DK, IE, NL), agus go raibh tuarastail CA a bhí fostaithe i ngníomhaireachtaí eile (e.g. ENISA, EIGE) níos airde ná na tuarastail áitiúla (EL, LT); á thabhairt faoi deara go n-athraíonn an próiseas earcaíochta do CA ó 3 mhí go 9 mí nó níos mó agus gur féidir leis na difríochtaí idir na tuarastail do na róil éagsúla tionchar a imirt ar na nósanna imeachta earcaíochta agus ar a rátaí rathúlachta;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus trédhearcacht

48. ag tabhairt dá haire, cé is moite de ghníomhaireacht amháin, go bhfuil beartas i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú; á chur in iúl gur geal léi na céimeanna a ghlac formhór na ngníomhaireachtaí chun a nósanna imeachta agus a rialuithe inmheánacha a neartú lena gcumhdaítear cásanna 'dorais imrothlaigh' a d'fhéadfadh a bheith ann agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán na rialacha is infheidhme dá bhforáiltear i Rialacháin Foirne an Aontais; ag tabhairt dá haire ó thuarascáil leantach EUAN ar an urscaoileadh do 2021 gur ó institiúidí poiblí ar an leibhéal náisiúnta, i bhformhór na gcásanna, a thagann comhaltaí na ngníomhaireachtaí ar na boird bhainistíochta, rud a chuireann an choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal réasúnta íseal; ag tabhairt dá haire ón tuarascáil chéanna gurb iad comhaltaí an bhoird bainistíochta, den chuid is mó, atá freagrach as rialachas agus maoirseacht (i bhfíorbheagán cásanna nach ndéanann siad cinntí oibríochtúla) agus nuair a bhíonn na comhaltaí sin ag obair i dtionscail rialáilte, go ndéantar bearta sriantacha áirithe atá dírithe orthu, agus é á chur san áireamh nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil ar na comhaltaí sin, e.g. iarratas a dhéanamh ar údarú chun dul i mbun poist; á iarraidh ar EUAN liosta uileghabhálach de bhearta sriantacha den sórt sin a dhéanann na gníomhaireachtaí i gcleachtas a chur ar fáil don Pharlaimint; á thabhairt faoi deara, ar deireadh, ón Staidéar, nach cosúil go bhfuil baol níos airde ann go gcuirfidh CAnna le saincheist an 'dorais imrothlaigh';

49. ag tabhairt dá haire ón tuarascáil leantach ó EUAN maidir leis an urscaoileadh do 2021 go measann gníomhaireachtaí, i gcásanna áirithe, go bhfuil a méid neamhchosanta ar riosca coinbhleachtaí leasa agus brú brústocaireachta íseal, mar gheall ar a misin, a gcúraimí a dhéanann siad agus an timpeallacht agus an comhthéacs ina n-oibríonn siad, a bhfuil tionchar acu ar a mbreithniú a mhéid a theastaíonn straitéis frithéillithe uathu, agus go bhfuil gníomhaireachtaí eile, mar gheall ar a neamhchosaint níos airde ar an riosca sin, tar éis straitéisí frithéillithe iomlána a thabhairt isteach, i gcásanna áirithe arna bhforbairt le OLAF; á athdhearbhú sa chomhthéacs sin gur gá na rialacha maidir le trédhearcacht, neamh-chomhoiriúnachtaí, coinbhleachtaí leasa agus cásanna 'dorais imrothlaigh', agus brústocaireacht neamhdhleathach, chomh maith le straitéisí frithchalaoise, a chur i bhfeidhm nó a thabhairt cothrom le dáta go rialta; ag tabhairt dá haire, ó thuarascáil leantach na ngníomhaireachtaí ar an urscaoileadh do 2021, nach bhfuil sé beartaithe ag formhór na ngníomhaireachtaí straitéis inmheánach frithéillithe a fhorbairt, agus i gcás roinnt gníomhaireachtaí (e.g. ÚBE, EIOPA), go n-áirítear straitéis frith-éillithe lena straitéisí frithchalaoise;

([4]) Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach (IO L 327, 5.12.2008, lch. 9).

50. á chur in iúl gur geal léi gur foilsíodh taifead chruinnithe uile na n-ionadaithe sainleasa, na ngeallsealbhóirí agus na mbrústocairí leis na gníomhaireachtaí ina bhfuil feidhm ag na cruinnithe sin; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí (e.g. EASA) nach bhfuil leathanach gréasáin curtha ar bun acu chun na cruinnithe sin a fhoilsiú é sin a dhéanamh gan mhoill; ag tabhairt dá haire, mar gheall ar chineál a ngnó, nach n-eagraíonn roinnt gníomhaireachtaí (e.g. BEREC, CEPOL, CdT EU-OSHA) cruinnithe le brústocairí;

51. ag tabhairt dá haire go n-iarrann na gníomhaireachtaí uile dearbhuithe leasa do chomhaltaí a mbord bainistíochta agus dá lucht bainistíochta sinsearaí agus go bhfoilsítear iad ar a suíomh gréasáin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfoilsíonn formhór na ngníomhaireachtaí ar a suíomh gréasáin curriculum vitae (CV) nó cur síos gearr ar chúlra chomhaltaí a mbord bainistíochta, a bhfoirne bainistíochta, a saineolaithe seachtracha agus a saineolaithe inmheánacha; á thabhairt chun suntais, i gcás roinnt gníomhaireachtaí (e.g. Cedefop, EFSA, ELA, ENISA), nach bhfoilsítear CVanna roinnt comhaltaí agus comhaltaí malartacha den bhord bainistíochta; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí sin na CVanna sin go léir a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin gan mhoill;

52. á thabhairt chun suntais gur thuairiscigh formhór na ngníomhaireachtaí nach raibh cásanna coinbhleachtaí leasa acu in 2022, agus gur thuairiscigh 9 ngníomhaireacht go raibh; ag tabhairt dá haire gur bhain na cásanna a imscrúdaíodh le hiarfhostaíocht (ACER), le mainneachtain leasanna airgeadais a dhearbhú, e.g. onóir a fuarthas nó leas ball teaghlaigh (EMA), nósanna imeachta earcaíochta (EMSA), rannpháirtíocht chomhaltaí an bhoird bainistíochta i nósanna imeachta a bhaineann leis an bhfoireann (Eurojust) agus fostaíocht tar éis dóibh an tseirbhís (Europol) a fhágáil; ag moladh ráta dúnta foriomlán na ngníomhaireachtaí (19 gcás a tugadh i gcrích as 21 chás a tuairiscíodh agus a imscrúdaíodh) de na cásanna sin, agus bearta freagartha déanta d'fhonn drochthionchar ar leasanna na ngníomhaireachtaí sin in 2022 a sheachaint; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé rialacha agus creataí inmheánacha láidre a bheith i bhfeidhm arb é is aidhm dóibh cosc a chur ar aon fheiniméin a bhaineann le ciapadh, coinbhleacht leasa nó doirse imrothlacha, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go mbeidh na caighdeáin eiticiúla is mó is féidir ann agus muinín an phobail as institiúidí an Aontais a mhéadú;

53. ag tabhairt dá haire go bhfuil beartas sceithirí i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile; ag tabhairt faoi deara go ndearnadh 52 chás sceithireachta a thuairisciú agus a imscrúdú, ar tháinig 47 gcás díobh sin i gcrích (lena n-áirítear 37 dtuarascáil ar chásanna sceithireachta seachtracha a fuair EMA) agus 2 chás (Frontex) a bhí faoi imscrúdú ag OLAF in 2022; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile a áirithiú go bhfuil bealaí tuairiscithe sonracha, sábháilte agus éifeachtacha i bhfeidhm acu i gcomhréir le ceanglais ábhartha Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) maidir le sceithireacht;

Soláthar

54. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thug an Chúirt faoi deara go raibh 48 laige sa soláthar poiblí in 2022 (i gcomparáid le 34 in 2021 agus 18 in 2020) agus go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ngníomhaireachtaí lena mbaineann, le 24 ghníomhaireacht bainteach leis in 2022 (i gcomparáid le 22 ghníomhaireacht in 2021 agus 14 ghníomhaireacht in 2020); á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil na laigí sin fós ar an bhfoinse is mó d'íocaíochtaí neamhrialta, a eascraíonn as nósanna imeachta soláthair neamhrialta a tuairiscíodh in 2022 nó sna blianta roimhe sin; ag teacht leis an moladh ón gCúirt nár cheart do na gníomhaireachtaí lena mbaineann, agus creatchonarthaí á gcur chun feidhme acu, ach conarthaí sonracha a úsáid chun earraí nó seirbhísí a chumhdaítear leis an gcreatchonradh gaolmhar a fháil; ag athdhearbhú a thuilleadh an mholta ón gCúirt gur cheart do na gníomhaireachtaí lena mbaineann tuilleadh feabhais a chur ar a nósanna imeachta soláthair phoiblí, lena n-áiritheofar comhlíonadh iomlán na rialacha is infheidhme, lena n-áirítear maidir leis na coinníollacha chun conarthaí atá ann cheana a mhodhnú;

55. á chur in iúl gur geal léi an úsáid mhéadaithe a bhaineann gníomhaireachtaí an Aontais as uirlisí ríomhsholáthair; ag tabhairt dá haire gurb iad ríomhthairiscint, ríomhaighneachtaí agus ríomhshonrascú na modúil r-PRIOR is coitianta a úsáideann gníomhaireachtaí; ag tabhairt dá haire, thairis sin, in 2022, gur ghlac agus gur chuir 20 gníomhaireacht an Uirlis um Bainistiú an tSoláthair Phoiblí chun feidhme, go raibh 7 ngníomhaireacht á tástáil agus go bhfuil na huirlisí ríomhshínithe cáilithe curtha chun feidhme ag 23 ghníomhaireacht; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile na huirlisí sin a chur chun feidhme, oibriú a thuilleadh i dtreo dhigitiú iomlán a bpróiseas soláthair agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil cothrom le dáta maidir leis an dul chun cinn san ábhar sin;

56. ag meabhrú a thábhachtaí atá sé, i ndáil leis na nósanna imeachta soláthair uile, iomaíocht chothrom idir tairgeoirí a áirithiú agus earraí agus seirbhísí a sholáthar ar an bpraghas is fearr, agus prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe á n-urramú; á iarraidh ar gach gníomhaireacht na huirlisí ríomhsholáthair TF uile arna bhforbairt ag an gCoimisiún a chur chun feidhme; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile tuilleadh feabhais a chur ar a nósanna imeachta soláthair phoiblí chomh maith le dea-shampla a thabhairt agus úsáid a bhaint as an gclásal sóisialta i dTreoir AE maidir le Soláthar Poiblí atá ann cheana chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu le conarthaí poiblí na hoibleagáidí uile is infheidhme i réimsí an dlí comhshaoil, shóisialta agus saothair arna mbunú le dlí an Aontais, leis an dlí náisiúnta nó le comhaontú comhchoiteann, nó leis na forálacha idirnáisiúnta is infheidhme maidir leis an dlí comhshaoil, sóisialta nó saothair;

([5]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

Rialú inmheánach

57. ag tabhairt dá haire, agus is ábhar imní di, torthaí na Cúirte i réimse na gcóras bainistithe agus rialaithe (cé is moite de shaincheisteanna soláthair phoiblí agus acmhainní daonna) inar tugadh faoi deara in 2022 laigí maidir le heaspaí i gcáilíocht agus iomláine na sonraí, caiteachas a bheith á chur chun feidhme gan cumhacht oifigigh údarúcháin a bheith tarmligthe go cuí; gan seiceálacha leordhóthanacha *ex-post*/*ex-ante* a bheith déanta; agus laigí i mbainistiú lamháltas, deontas agus gealltanas; ag tabhairt dá haire, as iomlán na 24 thoradh sna réimsí sin, go raibh 3 cinn acu nasctha le híocaíochtaí neamhrialta; á áitiú go láidir go mbeadh gá le córais éifeachtacha bhainistíochta agus rialaithe chun easnaimh den sórt sin a sheachaint; ag athdhearbhú a hiarrata córais bhainistíochta agus rialaithe a neartú chun feidhmiú cuí na ngníomhaireachtaí a áirithiú;

58. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh na gníomhaireachtaí uile ag deireadh 2022 go raibh an creat rialaithe inmheánaigh (ICF) athbhreithnithe, bunaithe ar COSO curtha chun feidhme acu agus go ndearna siad an measúnú bliantúil ar ICF; ag athdhearbhú a hiarrata ar na gníomhaireachtaí go léir torthaí an mheasúnaithe ar leibhéal na gcomhpháirteanna a sholáthar ar a laghad, ag spreagadh na gníomhaireachtaí, áfach, chun tuairisciú a dhéanamh ar leibhéal níos mionsonraithe, amhail de réir phrionsabal an rialaithe inmheánaigh;

59. ag tabhairt dá haire, in 2022, de réir thuarascáil na Cúirte maidir leis an obair leantach ar bharúlacha na mblianta roimhe sin, gur dúnadh 64 bharúil agus go raibh 57 mbarúil fós á gcur chun feidhme nó fós gan réiteach; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí na barúlacha a chur chun feidhme go dícheallach agus a gcreataí rialaithe inmheánacha a fheabhsú tuilleadh; ag tabhairt dá haire, ar deireadh, gur thuairiscigh 8 ngníomhaireacht go ndearna OLAF 23 chás a láimhseáil in 2022, agus gur dúnadh 11 de na cásanna sin an bhliain sin;

Eile

60. á chur in iúl gur geal léi na céimeanna breise a ghlac na gníomhaireachtaí in 2022 chun a gcibearshlándáil agus cosaint na dtaifead digiteach atá ina seilbh a neartú; ag moladh na ngníomhaireachtaí (ECDC, ECHA, EIGE, ENISA) a ghlac nó a nuashonraigh a mbeartais chibearshlándála agus slándála faisnéise, i bhfianaise rialacháin an Aontais maidir le cibearshlándáil agus slándáil faisnéise in institiúidí agus i gcomhlachtaí an Aontais; ag tabhairt dá haire nár ghlac roinnt gníomhaireachtaí (e.g. CEPOL) beartais den sórt sin go fóill toisc nach raibh na poist leithdháilte ina bplean bunaíochta a mbeadh gá leo chun na rialacháin sin a chur chun feidhme; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí lena mbaineann teacht ar réitigh shealadacha (amhail na hacmhainní ábhartha a chomhroinnt le gníomhaireachtaí eile) a luaithe is féidir agus bealach chun réiteach buan a fháil a shainaithint; á iarraidh ar EUAN malartú níos fearr a éascú idir gníomhaireachtaí sa chomhthéacs sin; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí lena mbaineann an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir leis an dul chun cinn atá déanta maidir leis an ábhar sin;

61. ag tabhairt dá haire ón malartú tuairimí a cuireadh in iúl le linn na hÉisteachta Poiblí go bhfuil (1) méadú ag teacht i gcónaí ar chibearbhagairtí agus gur cheart buiséad ENISA a mhéadú dá réir, fiú mura gcuirtear cúraimí nua de chúram air, ach go dtiocfadh méadú ar a raon feidhme; (2) le gníomhartha cibear-dlúthpháirtíochta agus cibear-athléimneachta an Choimisiúin, go bhfaigheadh ENISA cúraimí nua gan acmhainní breise; (3) á chur in iúl go bhfuil sé an-tábhachtach measúnú a dhéanamh in éineacht le gníomhaireachtaí, trí mhodh soiléir agus trédhearcach, ar na hacmhainní is gá nuair a dhéantar sainorduithe na ngníomhaireachtaí a threisiú nó a raon feidhme a mhéadú, agus iad a chur ar bhonn foirmiúil; á iarraidh ar an gCoimisiún na gnéithe sin a chur san áireamh agus á mheabhrú, a mhéid a bhaineann leis an gcibearshlándáil, nach mór do gach gníomhaireacht infheistíochtaí a dhéanamh chun na ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh;

62. á chur in iúl gur geal léi na céimeanna atá déanta ag na gníomhaireachtaí chun torthaí a gcuid oibre a nochtadh agus a fhoilsiú trí bhealaí éagsúla, lena n-áirítear a suíomhanna gréasáin agus na meáin shóisialta; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí leanúint lena n-iarrachtaí chun faisnéis ábhartha feidhmíochta a thuairisciú do shaoránaigh an Aontais agus don phobal i gcoitinne i dteanga shoiléir agus inrochtana chun trédhearcacht níos mó agus cuntasacht phoiblí a áirithiú trí úsáid níos fearr a bhaint as na meáin agus cainéil na meán sóisialta; ag dréim leis go ndéanfaidh na Gníomhaireachtaí tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh ina leith sin;

63. á chur in iúl gur geal léi an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Long-term competitiveness of the EU: look beyond 2030* [Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: féach tar éis 2030] arb é is aidhm dó ceanglais tuairiscithe a réasúnú agus a shimpliú faoi 25 % do gach ceann de na réimsí téamacha glasa, digiteacha agus eacnamaíocha, agus á iarraidh ar ghníomhaireachtaí AE a nósanna imeachta inmheánacha a chuíchóiriú chun ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a laghdú;

64. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig na gníomhaireachtaí atá faoi réir an nós imeachta um urscaoileadh seo, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).